



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta

Gaeilge

Páipéar 2

Ardleibhéal

3 uair 5 nóiméad

200 marc

**Tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Cuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

Léigh na treoracha ar leathanach 3

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Freagair gach ceist (Ceist 1, Ceist 2, Ceist 3 agus Ceist 4).

Ceist 1: Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) agus Léamhthuiscint B (50 marc).
Tá Ceist 1 – 5 ar aon mharc. Glacfar le freagraí i d'fhocail féin nó
i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.
Ní mór Ceist 6(b) a fhreagairt i d'fhocail féin, áfach.

Ceist 2: Freagair Ceist 2A (30 marc) nó Ceist 2B (30 marc).
2A. Prós Ainmnithe
Freagair ceist **amháin** as do rogha de 2A (a) nó 2A (b).
nó
2B. Prós Roghnach
Freagair ceist **amháin** as do rogha de 2B (a) nó 2B (b).

Ceist 3: Freagair Ceist 3A (30 marc) nó Ceist 3B (30 marc).
3A. Filíocht Ainmnithe
Freagair ceist **amháin** as do rogha de 3A (a) nó 3A (b).
nó
3B. Filíocht Roghnach
Freagair ceist **amháin** as do rogha de 3B (a) nó 3B (b).

Ceist 4: An Litríocht Bhreise (40 marc)
Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E nó F).

Freagair Léamhthuiscint A agus Léamhthuiscint B anseo.

A – 50 marc

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.

Tionscal na Scannán in Éirinn

1. Tá clú agus cáil ar Éirinn mar shuíomh scannánaíochta le fada an lá. Cabhraíonn an iliomad radhairc thíre mhórthaibhseacha agus líon na bhfoirgneamh seanré, mar aon leis an nádúr fiáin, chun lucht scannánaíochta a mhealladh ó chian is ó chongar. Tá earnáil na scannánaíochta imithe ó neart go neart ó rinneadh an scannán *Ryan's Daughter* ar leithinis an Daingin sa bhliain 1969. Bhuaigh an scannán cáiliúil sin dhá ghradam Oscar, don aisteoir tacaíochta is fearr agus don chineamatagrafaíocht is fearr. Ina theannta sin rinneadh cuid de radhairc an scannáin *The Quiet Man* i sráidbhaile ar a dtugtar Conga i gContae Mhaigh Eo agus ar thalamh Chaisleán Cheapach Corcóige. Is sráidbhaile saibhir é Conga anois, agus is óstán cúig réalta é an caisleán. Gan aon dabht chuidigh an scannán leis an áit a bheith ina díol spéise do thurasóirí. Cuidíonn maoinitheoirí ar nós Rialtas na hÉireann, mar aon le Fís Éireann, TG4 agus Údarás Craolacháin na hÉireann, le tionscal scannánaíochta na hÉireann a chur chun cinn.

2. Teastaíonn ó lucht leanta *Star Wars* cuairt a thabhairt ar Chorca Dhuibhne agus ar Sceilg Mhichíl de bharr na poiblíochta a fuair an dá áit ó taifeadadh radhairc ó na scannáin *Star Wars: The Force Awakens* agus *Star Wars: The Last Jedi* ar na láithreacha sin. Bhí áit fhíorálainn ag teastáil ó fhoireann léirithe na scannán, agus níor lig Corca Dhuibhne síos iad, mar tá mistéir, drámatúlacht agus dainséar ag baint leis na hailte móra timpeall na leithinise a oireann go maith don domhan ficsin eolaíochta. Ar ndóigh níor stopadar i gCorca Dhuibhne – rinneadh míreanna a scannánú i roinnt suíomhanna éagsúla feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Mheall an tírdhreach cósta agus sléibhe foireann léirithe na scannán ó Shuíomh Oidhreachta Domhanda Sceilg Mhichíl go Ceann Léime i gContae an Chláir agus chomh fada ó thuaidh le Cionn Mhálanna i gContae Dhún na nGall. Is léir go raibh tionchar mór ag scannáin *Star Wars* ar an bpobal, mar go bhfuil fás as

cúimse tagtha ar líon na dturasóirí a thagann ar cuairt chuig na háiteanna ina ndearnadh scannánú. Bíonn na cuairteoirí ar bís agus iad ag súil le cultúr, oidhrecht agus atmaisféar an domhain ficsin eolaíochta a bhlaiseadh.

3. Gabhadh buíochas le muintir Árann agus le muintir Acla ag bronnadh na ngradam Golden Globe in Los Angeles i mí Eanáir 2023. Ghabh Colin Farrell buíochas le muintir na n-oileán Gaeltachta, áit ar taifeadadh an scannán *The Banshees of Inisherin* le Martin McDonagh. Trí ghradam Golden Globe a bronnadh ar an scannán. Bhuaigh Farrell an gradam don aisteoir is fearr, fuair an scannán an gradam don cheolscannán nó scannán grinn is fearr agus tugadh an gradam don script is fearr do McDonagh. Is fear de bhunadh Chonamara é McDonagh, a scríobh agus a stiúir an scannán. Ghlac na haisteoirí Brendan Gleeson, cainteoir líofa Gaeilge, agus Colin Farrell na príomhpháirteanna ann. Insítear scéal Phádraic agus Choilm sa scannán seo, atá suite ar oileán ficseanúil le linn an Chogaidh Chathartha. Bhí an bheirt sin an-mhór le chéile i gcónaí, agus chaitheadh siad a gcuid ama ag ól go suaimhneach le hais an chuntair i dteach tábhairne. Faraor, lá amháin chinn Colm nár theastaigh uaidh a bheith cairdiúil, nó fiú labhairt, le Pádraic a thuilleadh. Chuir sé sin as go mór do Phádraic. Bhí aithne ag McDonagh, Farrell agus Gleeson ar a chéile cheana féin mar gur oibrigh siad le chéile ar an scannán *In Bruges*, scannán eile ar tugadh ardmholadh dó.

4. Chuirfeadh an tsraith theilifíse *Game of Thrones* scéalta na Rúraíochta i gcúimhne duit. Baineann na laochscéalta Rúraíochta le Cúige Uladh nuair a bhí Conchubhar Mac Neasa ina Ardri. Deir lucht scéalaíochta nach bhfuil in *Game of Thrones*, áfach, ach lagaithris i gcomparáid leis na scéalta fantaisíochta Éireannacha a bhaineann le Cú Chulainn, Conall Cearnach agus a leithéidí. Is fíor go bhfuil neart cosúlachtaí idir na scéalta

Rúraíochta agus domhan na fantaisíochta atá le tabhairt faoi deara in *Game of Thrones*. Rinneadh scannánú ar *Game of Thrones* i láithreacha cáiliúla ar fud an domhain, agus ar ndóigh thart timpeall ar Bhéal Feirste agus ar an gceantar máguaird. Tá aitheantas idirnáisiúnta ag Béal Feirste anois mar is cuimhin le lucht leanta *Game of Thrones* an bóthar mistéireach ‘Bóthar an Rí’, bóthar a thuill clú agus cáil do Bhéal Feirste mar áit iontach le dul ar saoire. Dar le hurlabhraí de chuid Bhord Turasóireachta Thuaisceart Éireann tá ardú tagtha ar líon na gcuairteoirí a thagann ar cuairt chun na háite de bharr na cáile sin.

5. Is eol dúinn le fada an lá gur chuir scannáin ar nós *The Quiet Man*, *Ryan’s Daughter* agus *The Field* borradh faoi thionscal na turasóireachta in Éirinn nuair a chuir siad tírdhreach álainn na hÉireann os comhair an tsaoil. Meallann scannáin Éireannacha turasóirí ar chúiseanna eile, seachas

áilleacht nádúrtha na tíre. Cuireadh é sin i gcuimhne dúinn i mí Eanáir na bliana 2024. Tuairiscíodh in alt nuachtáin gur thug grúpa mac léinn ó choláiste in Georgia i Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuairt ar Chontae Dhún na nGall. Tá sé beartaithe ag na mic léinn an dráma *Dancing at Lughnasa* leis an drámadóir iomráiteach Brian Friel a chur ar an stáitse in Georgia. Chaith na mic léinn seachtain sna Gleannta i gContae Dhún na nGall sa dóigh is go mbeadh seans acu dul i dtaithe ar chanúint an cheantair. Roghnaigh siad na Gleannta mar bhunáit dá gcuairt mar gur taispeánadh an scannán *Dancing at Lughnasa* den chéad uair sna Gleannta ar an 24 Meán Fómhair 1998. Bhí Meryl Streep i measc na réaltaí scannán a bhí i láthair nuair a fuair an baile beag in iardheisceart Dhún na nGall blaiseadh beag de dhraíocht Hollywood.

Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla

Ceisteanna

- (a) Scríobh síos **dhá** rud a chabhraíonn chun lucht scannánaíochta a mhealladh ó chian is ó chongar. (Alt 1)

(b) (i) Cad iad an **dá** ghradam Oscar a bhuaigh an scannán cáiliúil *Ryan’s Daughter*? (Alt 1)

(ii) Conas a chuidigh an scannán *The Quiet Man* leis an sráidbhaile Conga i gContae Mhaigh Eo? (Alt 1)

(7 marc)
- (a) Cén fáth a dteastaíonn ó lucht leanta *Star Wars* cuairt a thabhairt ar Chorca Dhuibhne agus ar Sceilg Mhichíl? (Alt 2)

(b) (i) Cén chaoi nár lig Corca Dhuibhne síos foireann léirithe na scannán *Star Wars*? (Alt 2)

(ii) Cén tionchar mór a bhí ag scannáin *Star Wars* ar an bpobal? (Alt 2)

(7 marc)
- (a) Cad a rinne Colin Farrell ag bronnadh na ngradam Golden Globe in Los Angeles i mí Eanáir 2023? (Alt 3)

(b) (i) Tabhair **dhá** phointe eolais faoi na gradaim a bronnadh ar an scannán *The Banshees of Inisherin* ag bronnadh na ngradam Golden Globe. (Alt 3)

(ii) Cad a chuir as go mór do Phádraic sa scannán *The Banshees of Inisherin*? (Alt 3)

(7 marc)
- (a) Céard a deir lucht scéalaíochta faoin tsraith theilifíse *Game of Thrones*? (Alt 4)

(b) (i) Cá ndearnadh scannánú ar *Game of Thrones*? (Alt 4)

(ii) Cén fáth a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta ag Béal Feirste anois? (Alt 4)

(7 marc)
- (a) Conas a chuir scannáin ar nós *The Quiet Man*, *Ryan’s Daughter* agus *The Field* borradh faoi thionscal na turasóireachta in Éirinn? (Alt 5)

(b) (i) Cén fáth ar chaith mic léinn ó choláiste in Georgia seachtain sna Gleannta? (Alt 5)

(ii) Cad a tharla ar an 24 Meán Fómhair 1998? (Alt 5)

(7 marc)
- (a) Aimsigh sampla den chopail in Alt 4 **agus** sampla d’ainmfhocal baininsneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 5.

(b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé, i **d’fhocail féin**, ar thábhacht thionscal na scannánaíochta in Éirinn, dar leat. Bíodh **dhá** shampla ón sliocht agat, i **d’fhocail féin**, ag tacú le do thuairim. (Is leor **60** focal.)

(15 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

Moya Llewelyn Davies

1. Tá aithne leitheadach ar an scríbhneoir Muiris Ó Súilleabháin ón mBlascaod Mór mar gheall ar a leabhar clúiteach *Fiche Bliain ag Fás*. Rinne bean darbh ainm Moya Llewelyn Davies aistriúchán ar an leabhar seo, a foilsíodh sa bhliain 1933. Bhaist Ó Súilleabháin Máire Llewelyn ar a iníon féin in ómós don obair aistriúcháin a rinne Moya Llewelyn Davies ar a leabhar. Ba charachtar ar leith í Moya Llewelyn Davies. I rith a saoil, casadh pearsana móra stairiúla uirthi – Mícheál Ó Coileáin, Art Ó Gríofa, E. M. Forster, J. M. Barrie, Lloyd George agus go leor eile nach iad. Rugadh Moya ar an gCarraig Dhubh i mBaile Átha Cliath. Bhí sí ar dhuine de chúigear clainne. James O'Connor ab ainm dá hathair. Feisire Parlaiminte ba ea é, agus bhí sé ina bhall de na Fíníní tráth. Fuair a máthair Mary O'Connor bás nuair nach raibh Moya ach naoi mbliana d'aois. Nuair a phós a hathair den dara huair sa bhliain 1908 chuaigh Moya chun cónaithe i Londain.

2. Fuair Moya obair sa státseirbhís agus bhí post aici mar urlabhraí don Pháirtí Liobrálach chomh maith. Casadh Crompton Llewelyn Davies uirthi i Londain. Pósadh iad sa bhliain 1909, cé go raibh sé ocht mbliana is fiche ní ba shine ná í, agus shocraigh siad síos i Londain. Bhí post tábhachtach ag Crompton Llewelyn Davies mar Ard-Aighne ar Oifig an Phoist, agus bhí sé ina chomhairleoir ag David Lloyd George, príomh-aire na Breataine, freisin. Bhí beirt pháistí acu, Richard agus Catherine. Bhain ceangal liteartha le Crompton freisin. Deartháir ba ea é le Arthur Llewelyn Davies, fear arbh iad a chlann mac a thug inspioráid don scríbhneoir J. M. Barrie dá leabhar *Peter Pan*. Sa bhliain 1920 chinn Moya go bhfillfeadh sí féin agus a beirt pháistí ar ais go Baile Átha Cliath. Cheannaigh sí teach i gCill Easra a bhí gar do chathair Bhaile Átha Cliath. Cé go raibh an teach, ar theach mór galánta é lá den saol, i ndrochstaid ag an am, bhí daichead acra ag gabháil leis agus é suite ar an mbóthar go Binn Éadair.

3. I rith na mblianta réabhlóideacha sa tír seo, chuir Moya aithne ar go leor de na ceannairí polaitiúla, go háirithe ar Mícheál Ó Coileáin. Deirtear gur chabhraigh sí le heagar a chur ar scríbhinn Uí Choileáin sa leabhar *The Path to Freedom* agus gur chabhraigh a fear céile, Crompton, leis an gCoileánach agus é ag dréachtú bunreacht don stát nua. D'fhanadh Mícheál Ó Coileáin i dteach Moya i gCill Easra anois agus arís agus é ar a sheachaint – ceann den iliomad tithe sábháilte a bhí aige agus é ag stiúradh Chogadh na Saoirse. Maíodh go n-íompraíodh Moya gunnaí ina gluaisteán agus iad faoi cheilt i málaí plúir, le linn di a bheith ag taisteal go Corcaigh agus go Tiobraid Árann. Gabhadh í agus chaith sí tamall i bpríosún Mhuinseo. Nuair a tháinig sé chun solais go raibh Moya sa phríosún chaill Crompton a phost – post arbh fhiú £2,500 sa bhliain é. Fuair sé post eile beagnach láithreach, áfach, i gcomhlacht príobháideach. Cheap an Dáil é mar eadránaí i Londain chomh maith. Bhí roinnt díospóireachta faoin gcaidreamh a bhí idir Moya agus an Coileánach. Mhaígh sí ina dhiaidh sin go raibh níos mó ná cairdeas eatarthu. Tá tuairimí éagsúla faoi seo, áfach.

4. Nuair a tháinig Muiris Ó Súilleabháin go Baile Átha Cliath ar dtús, le dul isteach sna Gardaí, ba i dteach Moya i gCill Easra a d'fhanadh sé agus é in éineacht lena dhlúthchara Seoirse Mac Tomáis. Chuir Ó Súilleabháin agus Mac Tomáis, scoláire mór clasaiceach, aithne ar a chéile nuair a tháinig Mac Tomáis go dtí an Blascaod Mór chun an Ghaeilge a fhoghlaim. Ba é Mac Tomáis a thug spreagadh don Súilleabhánach an leabhar *Fiche Bliain ag Fás* a scríobh i dtús báire. Dhiúltaigh an Gúm an leabhar a chur i gcló, áfach. Bhí scéalta sa leabhar nár thaitin leis na húdaráis – fir óga ag ól i gCeann Trá, mar shampla. Ar aon nós, cinneadh an leabhar a fhoilsiú i mBéarla, le réamhrá ón scríbhneoir clúiteach E. M. Forster. Iarradh ar Mhac Tomáis an t-aistriúchán a dhéanamh ach mheas sé nach raibh a chuid Béarla féin

<p>oiriúnach. Dar leis go raibh Gaeilge na mBlascaodaí aige ach nach raibh an Béarla ceart aige ón gceantar. D'iarr sé ar Moya cabhair a thabhairt dó leis an leagan Béarla a scríobh. Dúradh go ndearna Mac Tomáis garbh-aistriúchán ar dtús agus gur chuir Moya snas air. Foilsíodh <i>Twenty Years a Growing</i> sa bhliain 1933, aistriúchán Mhic Thomáis agus Davies ar <i>Fiche Bliain ag Fás</i>.</p> <p>5. Chuir fás agus forbairt chathair Bhaile Átha Cliath isteach ar na tailte thart ar theach Moya i gCill Easra. Theastaigh áit ní ba chiúine uaihi. Cheannaigh sí teach i mBaile an Chinnéidigh, i gContae Chill Mhantáin agus bhog sí go dtí an áit sin. Fuair fear céile Moya, Crompton, bás sa bhliain 1935 agus fágadh Moya croíbhriste. Fuair Moya Llewelyn Davies bás ar an 28 Meán Fómhair 1943. B'fhiú breis is £14,000 a heastát – suim</p>	<p>ollmhór ag an am. Cuireadh Moya i reilig Ghráinseach an Déin. Tá droch-chaoi ar an uaigh ina bhfuil sí curtha, agus níl aon rud ansin a thabharfadh le fios do dhuine go ndearna Moya go leor i gcaitheamh a saoil agus go raibh baint aici le himeachtaí móra i stair na hÉireann. Tá sé suntasach nach bhfuil an t-uafás foinsí príomha ann faoi shaol Moya – maítear go raibh dírbheathaisnéis idir lámha aici uair amháin, ach níor tháinig sí chun solais riamh. Deirtear gur scríosadh a cuid cáipéisí pearsanta tar éis a báis. An amhlaidh nach mbeidh níos mó le foghlaim againn faoin gceangal a bhí ag Moya Llewelyn Davies le heachtraí stairiúla, réabhlóideacha agus cultúrtha na hÉireann? Is maith an scéalaí an aimsir.</p> <p style="text-align: right;"><i>Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla</i></p>
----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

Ceisteanna

1. (a) Cén fáth ar bhaist an scríbhneoir Muiris Ó Súilleabháin 'Máire Llewelyn' ar a iníon féin? (Alt 1)
(b) (i) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi James O'Connor athair Moya Llewelyn Davies. (Alt 1)
(ii) Cad a tharla sa bhliain 1908? (Alt 1)
(7 marc)
2. (a) Ainmnigh an **dá** phost a bhí ag Crompton Llewelyn Davies. (Alt 2)
(b) (i) Cén ceangal liteartha a bhain le Crompton Llewelyn Davies? (Alt 2)
(ii) Tabhair **dhá** phointe eolais faoin teach a cheannaigh Moya i gCill Easra gar do chathair Bhaile Átha Cliath. (Alt 2)
(7 marc)
3. (a) Luaigh **dhá** phointe eolais faoin gcabhair a thug Moya agus Crompton Llewelyn Davies do Mhícheál Ó Coileáin. (Alt 3)
(b) (i) Cén t-eolas a thugtar faoi Moya le linn di a bheith ag taisteal go Corcaigh agus go Tiobraid Árann? (Alt 3)
(ii) Cad a tharla tar éis do Crompton Llewelyn Davies a phost a chailleadh? (Alt 3)
(7 marc)
4. (a) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi Mhuiris Ó Súilleabháin nuair a tháinig sé go Baile Átha Cliath ar dtús. (Alt 4)
(b) (i) Cén fáth ar dhiúltaigh an Gúm an leabhar *Fiche Bliain ag Fás* a chur i gcló? (Alt 4)
(ii) Cén fáth ar mheas Seoirse Mac Tomáis nach raibh a chuid Béarla féin oiriúnach chun an t-aistriúchán a dhéanamh? (Alt 4)
(7 marc)
5. (a) Luaigh an **dá** fháth ar bhog Moya ó Chill Easra go Baile an Chinnéidigh, Contae Chill Mhantáin. (Alt 5)
(b) (i) Cad a tharla sa bhliain 1935? (Alt 5)
(ii) Scríobh síos **dhá** rud faoin áit a bhfuil Moya Llewelyn Davies curtha. (Alt 5)
(7 marc)
6. (a) Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 1 **agus** sampla d'ainmfhocal firinscneach sa tuiséal ginideach iolra in Alt 3.
(b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, luaigh **dhá** thréith a bhain le Moya Llewelyn Davies, dar leat. Bíodh sampla **amháin** ón sliocht agat, **i d'fhocail féin**, ag tacú le gach thréith a luann tú i do fhreagra. (Is leor **60** focal.)
(15 mharc)

PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH

30 marc

Freagair Ceist **2A** (Prós Ainmnithe) **nó** Ceist **2B** (Prós Roghnach).

2A. Prós Ainmnithe

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

(a) Freagair an cheist thíos ar an scannán *Cáca Milis* **nó** ar an dráma *An Lasair Choille*.

Cáca Milis

‘Bhí mí-ádh ar Paul sa scannán *Cáca Milis* nuair a bhuail sé le Catherine ar an traein.’

Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

nó**An Lasair Choille**

‘Tugtar léargas dúinn ar an saol dian a bhí ag an bhfear óg Séamas sa dráma *An Lasair Choille*.’

Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

nó(b) **Dís**

‘Tugtar léargas dúinn sa ghearrscéal *Dís* ar an gcaidreamh idir an lánúin phósta, Seán agus a bhean chéile.’

Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

2B. Prós Roghnach

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.

(a) Freagair an cheist thíos ar an scannán roghnach **nó** ar an dráma roghnach.

Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) sa scannán sin. Déan plé ar an léargas a thugtar dúinn ar shaol an duine sin ó thús deireadh an scannáin.

Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.

(30 marc)

nó

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) sa dráma sin. Déan plé ar an léargas a thugtar dúinn ar shaol an duine sin ó thús deireadh an dráma.

Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn. (30 marc)

nó

(b) Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar théama an ghearrscéil ó thús deireadh an ghearrscéil.

Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

(30 marc)

FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH

30 marc

Freagair Ceist **3A** (Filíocht Ainmnithe) *nó* Ceist **3B** (Filíocht Roghnach).

3A. Filíocht Ainmnithe

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) *nó* (b).

(a) An tEarrach Thiar

- (i)** ‘Cruthaíonn an file atmaisféar suaimhneach, síochánta sa dán “An tEarrach Thiar” (thíos).’
Déan plé ar an ráiteas seo.

(15 mharc)

- (ii)** Cén íomhá is fearr leat sa dán ‘An tEarrach Thiar’?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

(6 mharc)

- (iii)** Baineann an file úsáid as neart aidiachtaí sa dán ‘An tEarrach Thiar’. Roghnaigh **dhá** cheann de na haidiachtaí sin agus déan plé gearid ar an tábhacht a bhaineann leo sa dán, dar leat.

(9 marc)

An tEarrach Thiar

Fear ag glanadh cré
De ghímseán spáide
Sa gciúineas shéimh
I mbrothall lae:
 Binn an fhuaim
 San Earrach thiar.

Fear ag caitheadh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin:
 Niamhrach an radharc
 San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
 Támh-radharc síothach
 San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha,
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
 San Earrach thiar.

nó

(b) Colscaradh

- (i) Cad é príomhthéama an dáin 'Colscaradh' (thíos)? Déan cur síos ar an gcaoi a gcuirtear an príomhthéama in iúl dúinn. (15 mharc)
- (ii) Cén mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gearid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. (9 marc)

Colscaradh

Shantaigh sé bean
i nead a chine,
faoiseamh is gean
ar leac a thine,
aiteas is greann
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste,
dídean is searc
is leath den chíste,
saoire thar lear
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

3B. Filíocht Roghnach

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) nó (b) thíos.

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.

- (a)
- (i) Maidir le **dán nua-aimseartha rognach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin.
Déan plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. (15 mharc)
- (ii) Déan cur síos ar an íomhá is fearr leat sa dán.
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Scríobh síos **dhá** pointe eolais faoin atmaisféar atá sa dán. (9 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

nó

- (b)
- (i) Maidir le **dán nua-aimseartha rognach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.
Déan plé ar an gcaoi a gcuirtear an príomhthéama sin in iúl dúinn. (15 mharc)
- (ii) Cén mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. (9 marc)

LITRÍOCHT BHREISE

40 marc

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E nó F) thíos.

4A. An Triail

Déan plé ar an bpáirt a ghlacann Pádraig Mac Cárthaigh sa dráma *An Triail*, agus ar an tionchar atá aige ar shaol an chailín óig Máire Ní Chathasaigh. (40 marc)

4B. A Thig Ná Tit Orm

‘Saol bocht a bhí ag muintir na Gaeltachta, sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, nuair a bhí Maidhc Dainín ag fás aníos ach bhí spórt agus spraoi acu chomh maith.’
Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

‘Is fear lách, cróga é Fionn sna scéalta Fiannaíochta de ghnáth, ach a mhalairt ar fad atá fíor sa *Tóraíocht*.’
Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4D. Gafa

‘Éiríonn le húdar an úrscéil *Gafa* saol an andúiligh agus an tionchar a bhíonn ag drugaí ar bhaill an teaghlaigh a léiriú go héifeachtach.’
Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4E. Canary Wharf

‘Is mór an ról atá ag an gcinníuint sa ghearrscéal *Cúrsaí Eitilte* agus tá ádh mór ar Theo agus ar Alana dá bharr.’
Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4F. Dánta Breise – Éiceolaí

Freagair **(i)**, **(ii)** agus **(iii)** thíos.

(i) ‘Baintear úsáid éifeachtach as an gcodarsnacht chun príomhthéama an dáin “Éiceolaí” (thall) a chur os ár gcomhair.’ Déan plé ar an ráiteas sin. (20 marc)

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:
Cuirim feochadáin chuici ar an ngaoth.
Téann mo sheilidí de sciúird oíche ag ithe a cuid leitíse.
Síneann na driseacha agamsa a gcosa faoin bhfál. (10 marc)

(iii) Cad é an mothúchán is mó a léiríonn an file sa dán, dar leat? (Is leor **dhá** phointe eolais.)
Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra. (10 marc)

Éiceolaí

Tá bean béal dorais a choinníonn caoi ar a teach,
a fear, a mac,
is a shíleann gairdín a choinneáil mar iad, go baileach.
Beireann sí deimheas ag an uile rud a fhásann.
Ní maith léi fiántas.
Ní fhoighníonn le galar ná smál ná féileacán bán
ná piast ag piastáil
is ní maith léi an bláth a ligfeadh a phiotail ar lár.

Cuirim feochadáin chuici ar an ngaoth.
Téann mo sheilidí de sciurd oíche ag ithe a cuid leitíse.
Síneann na driseacha agamsa a gcosa faoin bhfál.
Is ar an bhféar aici siúd a dhéanann mo chaorthainnse
cuileanna glasa a thál.

Tá bean béal dorais a choinneodh a gairdín faoi smacht
ach ní fada go mbainfimid deireadh dúil dá misneach.

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

**Tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Cuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraíthe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

Gaeilge – Páipéar 2

3 uair 5 nóiméad